Preas agus Eolas

Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh

**Preasráiteas Uimh. 109/13**

Lucsamburg, 16 Meán Fómhair 2013

Éisteacht Shollúnta na Cúirte Breithiúnais

## Dearbhú Sollúnta Comhaltaí Nua Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh

*Éisteacht Shollúnta an 16 Meán Fómhair 2013*

Ghlac chúig Chomhalta nua de chuid Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh mionn os comhair na Cúirte Breithiúnais inniu tráth a ndeachaigh siad i mbun a gcuid dualgais.

Mar chuid de pháirt-athnuachan ar chomhaltas na Cúirte Ginearálta agus le teacht i gcomharbacht ar an tUas. Laurent Truchot, an tUas. Vilenas Vadapalas, an tUas. Santiago Soldevila Fragoso and an tUas. Kevin O'Higgins, rinne ionadaithe Rialtais na mBallstát, le cinntí uathu an 26 Meitheamh agus an 24 Iúil 2013, an tUas. Egidijus Bieliūnas, an tUas. Anthony Collins, an tUas. Ignacio Ulloa Rubio agus an tUas. Stéphane Gervasoni a cheapadh ag an gCúirt Ghinearálta ar feadh téarma oifige ón 1 Meán Fómhair 2013 go dtí an 31 Lúnasa 2019.

Le cinntí ar an 6 Márta, an 26 Meitheamh agus an 24 Iúil 2013, rinne ionadaithe Rialtais na mBallstát téarmaí oifige an tUas. Nicholas James Forwood, an tUas. Alfred Dittrich, Ingrida Labucka Uasal, an tUas. Miro Prek, Mariyana Kancheva Uasal, an tUas. Guido Berardis, an tUas.Eugène Buttigieg, an tUas. Carl Wetter agus Vesna Tomljenović Uasal a athnuachan don tréimhse chéanna.

I ndiaidh don tUas. Josef Azizi éirí as oifig tá an tUas. Viktor Kreuschitz ainmnithe ag ionadaithe Rialtais na mBallstát, le cinneadh uathu an 26 Meitheamh 2013, mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2013 go dtí an 31 Lúnasa 2016

### Egidijus Bieliūnas

Rugadh é i 1950, Céim sa Dlí ó Ollscoil Vilnius (1973) ; Dochtúireacht sa Dlí (1978), d'obair sé mar Léachtóir cúnta, mar Léachtóir sóisearach agus mar Léachtóir sinsearach i nDámh an Dlí, Ollscoil Vilnius (1977 -1992) ; Comhairleoir i Rannóg Dlí Pharlaimint na Liotuáine (1990-1992) ; Comhairleoir in Ambasáid na Liotuáine sa Bheilg (1992-1994) ; Comhairleoir in Ambasáid na Liotuáine sa Fhrainc (1994-1996) ; Comhalta den Choimisiún Eorpach um Chearta an Duine (1996-1999) ; Breitheamh den Chúirt Uachtarach (1999 – 2011) ; Ollamh in Ollscoil Vilnius, Ceann Rannóg an Dlí Coiriúil (2003-2013) ; Ionadaí Poblacht na Liotuáine ar Comhchomhlacht Maoirseachta Eurojust (2004-2011) ; Breitheamh den Chúirt Bhunreachtúil (2011 – 2013) ; Breitheamh de chuid na Cúirte Ginearálta ón 16 Meán Fómhair 2013.

### Viktor Kreuschitz

Rugadh é i 1952 ; Dochtúireacht sa Dlí ó Ollscoil Vín (1981); Státseirbhíseach sa Seansailéireacht Chónaidhme , Rannóg Gnóthaí Bunreachtúla (1981 – 97) ; Comhairleoir i Seirbhís Dlí an Choimisiúin Eorpaigh (1997 – 2013) ; Breitheamh de chuid na Cúirte Ginearálta ón 16 Meán Fómhair 2013.

### Anthony Michael Collins

Rugadh é i 1960. Céimí de chuid Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Eolaíocht dhlíthiúil) (1984) agus Cumann Onórach Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath (Abhcóide) (1986) ; cleachtas ar siúl mar abhcóide (1986-1990 agus 1997-2003) agus mar Abhcóide Sinsearach (2003-2013) ag Barra

na hÉireann ; Rúnaí Dlí ag Cúirt Breithiúnais na gComhphobal Eorpach (1990-1997) ; Stiúrthóir de chuid Ionad na hÉireann um an Dlí Eorpach (ICEL, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 1997-2000 ; Leas-Uachtarán an Chomhairle Eorpaigh um Choistí Náisiúnta na nÓg (CENYC, 1979-1981) ; Ard-Rúnaí, Bureau eagrúcháin na nAontas daltaí scoile Eorpacha (OBESSU, 1977-1984); Ard-Rúnaí, Aontas na daltaí scoile na hÉireann (IUSS, 1977-1979); Leas-Uachtarán Idirnáisiúnta d'Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI, 1982-1983) ; Comhalta de choiste riaracháin l'Association amicale des référendaires de la Cour de justice, (Lucsamburg 1992-2000) ; Comhalta de chuid Toscaireacht Seasta Comhairle Barraí agus Cumainn Dlí na hEorpa (CCBE) chuig Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus Cúirt Bhreithiúnais Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) (2006-2013) ; Breitheamh de chuid na Cúirte Ginearálta ón 16 Meán Fómhair 2013.

**Ignacio Ulloa Rubio**

Rugadh é i 1967, Céim onóracha sa dlí (1985-1990) agus PhD (1990 – 1993) ó Ollscoil Complutense, Maidrid; Ionchúisitheoir Poiblí Gerona (2000-2003); Comhairleoir Breithiúnach agus Cearta Daonna don Údarás Sealadach na Comhghuaillíochta (Bagdad, Iaráic, 2003-2004); Breitheamh Céadchéime Sibhialta, agus Breitheamh Imscrúdaitheach (2003-2007) ardú céime mar Bhreitheamh Sinsearach (2008); Leascheann EUJUST LEX Misean Comhtháite an Aontais Eorpaigh maidir le Smacht Reachta san Iaráic (2005-2006); Comhairleoir Dlí ag Cúirt Bhunreachtúil na Spáinne (2006-2011 agus 2013); Státrúnaí Slándála (2012-2013); Saineolaí ar Smacht Reachta Athchóiriú na hEarnála Slándála de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh (2005-2011); Saineolaí ar Chearta Bunúsacha agus Ceartais Choiriúil don Choimisiún Eorpaigh (2011 -2013); léachtóir agus údar iliomad foilseacháin; Breitheamh de chuid na Cúirte Ginearálta ón 16 Meán Fómhair 2013.

**Stéphane Gervasoni**

Rugadh é i 1967; céimí de chuid Institut d'études politiques, Grenoble (1988) agus École nationale d'administration (1993); Oifigeach Sóisearach ag an gComhairle Stáit (Breitheamh is Rapóirtéir i Rannóg na Dlíthíochta 1993-1997, agus Ball de Rannóg na nGnóthaí Sóisialta 1996-1997) ; Comhairleoir Dlí ag an gComhairle Stáit (1996-2008) ; Léachtóir Sinsearach ag Institut d'études politiques, Páras (1993-1995) ; Commissaire du Gouvernement ag gabháil leis an gCoimisiún Speisialta Achomhairc Pinsean (1994-1996) ; Comhairleoir Dlí in Aireacht na Státseirbhíse agus Comhairleoir Dlí do Chathair Pháras (1995-1997); Ard-Rúnaí Maoracht Roinn Yonne, Leas-Maor arrondissement Auxerre (1997-1999); Ard-Rúnaí Maoracht Roinn Savoie, Leas-Maor arrondissement Chambéry (1999-2001); Rúnaí Dlí ag Cúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh (2001-2005); Lánchomhalta de chuid Bhoird Achomhairc Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (2001-2005): Breitheamh de chuid Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (2005-2011, Uachtarán Dlísheomra ó 2008 go 2011); Conseiller d'Etat, Leas-Uachtarán an t-ochtú dlísheomra de Rannóg na Dlíthíochta (2011-2013); Comhalta de chuid an Bhoird um Achomhairc Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (2011-2013); Breitheamh de chuid na Cúirte Ginearálta ón 16 Meán Fómhair 2013.

---

*Doiciméad neamhoifigiúil do na meáin, ní bheidh an Chúirt Bhreithiúnais faoi cheangal aige.*

*Teagmhálaí Preasa: Christopher Fretwell ☎ (+352) 4303 3355*

*Tá pictiúir den Éisteacht Shollúnta ar fáil ó "Europe by Satellite" ☎ (+32) 2 2964106*